Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí

Junior Cycle Final Examination

Gaeilge T2 – Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

Tá trí cheist sa triail seo: Ceist a hAon, Ceist a Dó agus Ceist a Trí.

Ceist a hAon

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Ceist a hAon.

Cainteoir

Máire Ní Mhurchú an t-ainm atá ormsa agus is tréidlia mé. Tá clinic agam do ainmhithe beaga sna Rossa i gCo. Dhún na nGall. Is aoibhinn liom mo chuid oibre. Tugann daoine a gcuid peataí chugam nuair a bhíonn siad tinn nó nuair a bhíonn vacsaín le tabhairt dóibh. Madraí, cait, hamstair, éin agus coiníní is mó a fheicim anseo sa chlinic. Anois agus arís bíonn obráidí le déanamh ar ainmhithe má bhíonn siad an-tinn nó má tharlaíonn timpiste dóibh. Uaireanta bíonn siad le coinneál sa chlinic agus cabhraíonn na haltraí liom aire a thabhairt dóibh. Ligeann muid abhaile iad nuair a thagann biseach orthu.

Ceist a Dó

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Ceist a Dó.

Fógra

Seo fógra ón nGarda Síochána. Tá na Gardaí ag iarraidh stop a chur le gadaíocht i dTrá Lí i gCo. Chiarraí. Bhris gadaithe isteach i dteach ar Bhóthar na Farraige oíche Dé hAoine seo caite. Goideadh airgead, uaireadóirí, ríomhairí agus teilifíseáin ón teach. Is cosúil nach raibh glas ar dhoras cúil an tí agus go raibh na gadaithe in ann siúl isteach sa teach gan aon stró. Moltar don phobal glas a chur ar na fuinneoga agus ar na doirse sula dtéann siad a chodladh san oíche agus sula n-imíonn siad as an teach sa lá, Moltar earraí luachmhara a choimeád as radharc an t-am go léir. Moltar freisin aláram a chur ar an teach más féidir.

Ceist a Trí

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Ceist a Trí.

Comhrá

Mamaí: A Liam, cad chuige a bhfuil tú sa leaba fós! Tá sé a leathuair tar éis a hocht,

Liam: A, a mhamaí, bhí an-droch oíche agam aréir. Tá pian i mo bholg agus i mo cheann agus, ó sea, i mo scórnach freisin. Ar éigean atá mé ábalta bogadh nó caint!

Mamaí: Pian? I do bholg, a deir tú?

Liam: Sea, agus ná dearmad mo cheann agus mo scórnach agus...agus...bhí mé ag caitheamh amach an oíche ar fad freisin.

Mamaí: Tá sé sin an-aisteach, a Liam. Bhí cuma bhreá shláintiúil ort nuair a chuaigh tú a luí aréir.

Liam: Chuaigh mé féin agus Seán go bialann inné. Seans gur ith mé an iomarca sceallóga nó uachtar reoite nó...nó...rud éigin, a mhamaí.

Mamaí: Nach tú an créatúr bocht a d'ith an iomarca sceallóga agus uachtar reoite, a Liam.

Liam: Ó, tá mé marbh ag na pianta, a mhamaí.

Mamaí: Bhuel, a Liam, tá réiteach an-simplí agamsa ar an scéal seo.

Liam: Fanacht sa leaba agus gan dul ar scoil inniu?

Mamaí: Ní hea ach éirí as an leaba, a chleasaí cliste. Is maith atá a fhios agam nach bhfuil pian nó tinneas de chineál ar bith ort.

Liam: Ach...a mhamaí.

Mamaí: Cuir ort do chulaith scoile anois díreach, a Liam. Tá do mhála scoile ag fanacht leat ag an doras tosaigh.

Liam: Ach, ach, ní fiú dul isteach don chéad rang. Féach an t-am. Tá sé ró-dhéanach anois.

Mamaí: Beidh tú díreach in am mar tabharfaidh mise ann sa charr thú. Agus a rascail, sheiceáil mé dialann na scoile freisin. Beidh tú díreach in am don scrúdú mata ar a naoi a chlog.

Liam: A, nach ormsa atá an mí-ádh. Cad is gá do dhuine a dhéanamh le sos a fháil na laethanta seo!

Sin deireadh na trialach. Slán agaibh